Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**9905/25**

**ECOFIN 712**
**UEM 246**
**SOC 381**
**EMPL 251**
**COMPET 491**
**ENV 474**
**EDUC 223**
**ENER 214**
**JAI 778**
**GENDER 93**
**JEUN 123**
**SAN 298**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | NÓTA MÍNIÚCHÁIN ÓN gCOMHAIRLE – Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle do na Ballstáit faoi Sheimeastar Eorpach 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta míniúcháin deiridh a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle chuig na Ballstáit faoi Sheimeastar Eorpach 2025.

**Nóta míniúcháin**

*Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle*
*chuig na Ballstáit faoin Seimeastar Eorpach*

In Airteagal 29 de Rialachán 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, luaitear an méid seo a leanas: '*Mar riail ghinearálta, táthar ag dréim go ndéanfaidh an Chomhairle beart de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí*'.

Leis seo, i dtaca leis an riail 'comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na leasuithe a comhaontaíodh ar na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí tírshonracha maidir leis na Ballstáit i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2025, leasuithe nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle freisin roinnt nithe breise mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

**Sliocht as moladh tírshonrach 1 don Bheilg**

*An téacs ón gCoimisiún:*

An córas cúraim fhadtéarmaigh a dhéanamh níos costéifeachtaí.

*An téacs a comhaontaíodh:*

An córas cúraim fhadtéarmaigh a dhéanamh níos costéifeachtaí **agus rochtain ar chúram agus ar sheirbhísí a choinneáil inacmhainne ag an am céanna**.

<u>Míniú:</u>

In Aithris 26, léirítear '*De réir na sonraí atá ar fáil tá an líon daoine atá neamhspleách nó beagán spleách ar chúram agus a bhfuil cónaí orthu i saoráidí cúraim cónaithe ard i Réigiún na Bruiséile agus sa Vallúin. Thairis sin, tá an líon daoine scothaosta a chuirtear in ionad cónaithe gan ghá nó ar a laghad ró-luath fós ard, cé go bhfuil sé ag laghdú le 10 mbliana anuas. Tá tús curtha ag na húdaráis rialtais le hathchóirithe chun feabhas a chur ar úsáid chostéifeachtúil na dtimpeallachtaí cúraim éagsúla, go háirithe chun úsáid neamhriachtanach nó róluath cúraim chónaithe a sheachaint agus a mhoilliú. Ba ghá na bearta sin a chur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí a mbeadh tionchar acu, go háirithe chun <u>costéifeachtúlacht roghanna áirithe cúraim fhadtéarmaigh amhail cúram institiúideach a bhaint amach, agus an rochtain ar chúram agus ar sheirbhísí á coinneáil inacmhainne an tráth céanna.'</u>*

**Sliocht as moladh tírshonrach 1 don Iodáil**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Na héifeachtaí atá ag an aosú ar fhás féideartha agus ar inbhuanaitheacht fhioscach a mhaolú, lena n-áirítear teorainn a chur le húsáid scéimeanna luathscoir agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha, agus lucht saothair ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil freisin.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Na héifeachtaí atá ag an aosú ar fhás féideartha agus ar inbhuanaitheacht fhioscach a mhaolú trí bearta áirithe a dhéanamh, lena n-áirítear trí theorainn **<u>bhreise</u>** a chur le húsáid scéimeanna luathscoir agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha, agus lucht saothair ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil freisin.

Míniú:

Bhreithnigh an Chomhairle na hiarrachtaí a rinne an Iodáil, eadhon gur cuireadh srian de réir a chéile leis na critéir incháilitheachta don scéim luathscoir le 2 bhliain anois. Mheabhraigh an Iodáil ina réasúnaíocht, faoi Dlí Buiséid 2025, go ndreasaítear oibrithe a chomhlíonann na ceanglais maidir le luathscor faoin 31 Nollaig 2025 le fanacht ag obair ach íocaíocht ranníocaíochtaí sláándála sóisialta fostóirí a tharscaoileadh agus go n-íocfar go díreach leis an oibrí é, íocaíocht nach measfaí a bheith ina hioncam inchánach. Ina theannta sin, i gcás fostaithe san earnáil phoiblí, cuireadh deireadh leis an oibleagáid a bhí orthu dul ar scor nuair a bhaineann siad an teorainn aoise reachtúil le haghaidh luathscoir amach. Tá an t-athrú i gcomhréir leis an leasú ar aithris 22.

**Sliocht as moladh tírshonrach 4 do Mhálta**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Deireadh a chur le fóirdheontais breosla iontaise, lena n-áirítear bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Deireadh a chur le fóirdheontais breosla iontaise [...].

Míniú

Cé go n-aithníonn an Chomhairle go ndírítear ar bhealach níos mionsonraithe ar an mbeartas fuinnimh i molta tírshonrach 4, d'fhéach an Chomhairle ar an tagairt do dheireadh a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta éigeandála faoin moladh tírshonrach sin a scriosadh, ós rud é go bhfuil tagairt mar sin cheana féin i moladh tírshonrach 1 do Mhálta ina bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas: *'Na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála a fhoirceannadh'.*

**Sliocht as moladh tírshonrach 3 don Liotuáin**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí iomaíocht i seirbhísí airgeadais agus rannpháirtíocht i margaí airgeadais a spreagadh agus trí chlárú uathoibríoch sa scéim pinsin dara colún a chur ar fáil.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí iomaíocht i seirbhísí airgeadais agus rannpháirtíocht i margaí airgeadais a spreagadh <u>**trí úsáid coigilteas le haghaidh infheistíochta a éascú**</u> [...].

<u>Míniú:</u>

Chomhaontaigh an Chomhairle a mholadh don Liotuáin gníomh a dhéanamh in 2025 agus 2026 chun an rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide fheabhsú. Comhaontaíonn an Chomhairle a mholadh go gcuirfí feabhas ar rochtain trí iomaíocht sna seirbhísí airgeadais agus rannpháirtíocht i margaí airgeadais a spreagadh. Chaithfí a bheith in ann coigilteas a úsáid ar mhaithe le hinfheistíocht chun rannpháirtíocht i margaí airgeadais a spreagadh, rud nach n-eisiatar clárú uathoibríoch sa scéim pinsin dara colún. Tugann an Chomhairle dá haire na saincheisteanna a bhaineann leis na hathruithe atá beartaithe ar an scéim pinsin dara colún, mar a leagtar amach in aithris 26 de mholtaí tírshonracha 2025 don Liotuáin iad.

**Sliocht as moladh tírshonrach 5 do Lucsamburg**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Athléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú trí infhaighteacht iomchuí oibrithe sláinte a áirithiú. Dlús a chur le hathchóirithe chun feabhas a chur ar rialachas an chórais sláinte agus ar an ríomhshláinte.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Athléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú trí **<u>dhlús a chur leis na hathchóirithe agus</u>** infhaighteacht iomchuí oibrithe sláinte a áirithiú. **[…]**

<u>Míniú:</u>

Leasaíodh téacs an mholta ar leibhéal an Choiste chun léiriú níos fearr a thabhairt ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a bhaineann le heagrú na gcóras sláinte náisiúnta, lena n-áirítear a rialachas. D'fhéach an Coiste leis an téacs comhréitigh a áirithiú go gcomhlíonfaí leis Airteagail 121 agus 148 CFAE, agus urraim iomlán á tabhairt do fhreagracht na mBallstát as a mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar.

**Sliocht as Aithris 35 do Lucsamburg**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Is réamhchoinníoll é úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní teoranta agus rialachas níos fearr chun athléimneacht an chórais sláinte a neartú.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Is réamhchoinníoll**<u>acha</u>** iad úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní teoranta **<u>agus dlús a chur leis na hathchóirithe [...]</u>** chun athléimneacht an chórais sláinte a neartú.

<u>Míniú:</u>

Leasaíodh téacs aithris 35 ar leibhéal an Choiste chun an fhoclaíocht a comhaontaíodh i moladh tírshonrach 5 a léiriú.